**Cuntas Leithreasa 2012**

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 do thuarastail agus do chostais An Phríomh-Oifig-Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Rinneadh daonáireamh i 2011 agus mar sin de bhí an caiteachas sa bhliain sin (€74.7 milliún) cuid mhór níos airde ná i 2012 (€41.2 milliún).

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid:

***Dímheas***

Tá dímheas á dhéanamh ar shócmhainní a chosain €3.214 milliún agus a úsáideadh le linn Daonáireamh an Daonra 2011 thar thréimhse dhá bhliain (2011-2012).

Tá dímheas á dhéanamh ar roinnt sócmhainní trealaimh oifige ag 10%.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta,
- comhlíonann an Oifig gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

Sracrianaíonn nóta 6 ró-íocaíocht tuarastail do dhuine amháin. Tá athbhreithniú cuimsitheach curtha i gcrích ag an POS i dtaca le tosca na ró-íocaíochta seo agus tá gnáthaimh nua agus níos déine curtha i bhfeidhm aici maidir le foireann a shanntar le bheith ag obair i gcomhlachais eile de chuid na Státseirbhíse nó na Seirbhíse Poiblí. Áirítear i measc na bpríomhbheart a rinneadh:

- scrúdú láithreach ar gach sannachán seachtrach ón POS le deimhniú go raibh socruithe pá do bhaill fhoirne ábhartha eile in ord agus nach raibh aon ró-íocaíocht i gceist
- cur i bhfeidhm prótacal cumarsáide níos láidre idir rannóga AD agus Párolla na POS, le rianú agus deimhniú gach treorach párolla
- tabhairt isteach cros-seiceála rialta de na liostaí foirne ar na córais AD agus Párolla
- anois íoctar foireann ar iasacht go díreach ag an eagraíocht dá sanntar iad seachas ag an POS.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Pádraig Daltún**
Oifigeach na gCúntas
An Phríomh-Oifig-Staidrimh

21 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Íocaíocht tuarastail dhúblach***

Tagraíonn Nóta 6 don chuntas leithreasa do ró-íocaíocht tuarastail do dhuine amháin. Tugann an Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánaigh breac-chuntas ar na céimeanna a chuir an Oifig i gcrích i dtaca leis an gceist seo. Tugann Caibidil 4 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 breac-chuntas ar thosca an cháis.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

13 Meán Fómhair 2013

# Vóta 4 An Phríomh – Oifig Staidrimh
# Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil | 45,402 | 41,223 | 74,700 |
| | **An mór iomlán** | **45,402** | **41,223** | **74,700** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,900** | **3,633** | **2,574** |
| | **An Glan Iomlán** | **43,502** | **37,590** | **72,126** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr don bhlian | 5,911,939 | 7,941,176 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 34,789 | 33,963 | 37,490 |
| ii | Taisteal agus cothú | 894 | 941 | 913 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,673 | 1,087 | 2,977 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,100 | 687 | 1,506 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 3,760 | 2,433 | 5,553 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,575 | 1,081 | 1,135 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta | 61 | 26 | 17 |
| viii | Bailiú Staitisticí | 1,550 | 1,005 | 25,109 |
| | | **45,402** | **41,223** | **74,700** |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 33,963 | 37,490 |
| Neamhphá | | 7,260 | 37,210 |
| **Olliomlán** | | **41,223** | **74,700** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **3,633** | **2,574** |
| **Glaniomlán** | | **37,590** | **72,126** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (315) | | |
| Cailliúint ar diúscairtí | 2 | | |
| Dímheas | 5,324 | | |
| | | 5,011 | 5,013 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (1,299) | (1,822) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | 870 | | |
| Laghdú ar stoc | 33 | | |
| | | 903 | (777) |
| **Caiteachas díreach** | | **42,205** | **74,540** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 6,678 | 6,948 |
| Measchíosanna | | 1,405 | 1,347 |
| **Costas glan clár** | | **50,288** | **82,835** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid measta seo a leanas i ndáil le Vóta 4 atá seasta in áit éigin eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2,505 | 3,210 |
| Vóta 12 Pinsin agus Liúntais as Oibre | 3,161 | 2,569 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,012 | 1,169 |
| | **6,678** | **6,948** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 14,895 | 18,558 |
| **Sócmhainní atá á bhforbairt** | 2.4 | 487 | 923 |
| | | **15,382** | **19,481** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.6 | 100 | 133 |
| Réamhíocaíochtaí | | 814 | 937 |
| Ioncam fabhraithe | | 674 | 1,183 |
| Iarmhéideanna eile dochair | | 810 | 121 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.8 | 610 | 1,162 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,008** | **3,536** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 345 | (136) |
| Costais fhabhraithe | | 197 | 164 |
| Ioncam iarchurtha | | 250 | 53 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 1,075 | 1,419 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,867** | **1,500** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,141 | 2,036 |
| **Glansócmhainní** | | **16,523** | **21,517** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **16,523** | **21,517** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 21,517 | 24,124 |
| Coigeartuithe[1] | | (379) | (16) |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 44,268 | 79,074 |
| Caiteachas neamh-airgid-measchíosanna | 1 | 1,405 | 1,347 |
| Aistrithe | | — | (177) |
| Costas glan clár | 1 | (50,288) | (82,835) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **16,523** | **21,517** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 43,502 | 80,067 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (5,912) | (7,941) |
| | | 37,590 | 72,126 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 6,678 | 6,948 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **44,268** | **79,074** |

[1] Lúide coigeartuithe i Sócmhainní Caipitiúla agus Sócmhainní Caipitiúla i mBun Forbartha i nótaí 2.3 agus 2.4

## 2.3 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige innealra eile | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2012 | 34 | 57,197 | 3,447 | 60,678 |
| Breiseanna | — | 1,668 | 11 | 1,679 |
| Diúscairtí | — | (589) | (13) | (602) |
| Sócmhainní aistrithe [1] | — | (25) | — | (25) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 34 | 58,251 | 3,445 | 61,730 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ollsócmhainní ag 1 Eanáir 2011 | 34 | 39,159 | 2,927 | 42,120 |
| Dímheas don bhliain | — | 5,200 | 124 | 5,324 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (590) | (9) | (599) |
| Dímheas ar shómhainní aistrithe | — | (10) | — | (10) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2012 | 34 | 43,759 | 3,042 | 46,835 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **—** | **14,492** | **403** | **14,895** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **—** | **18,038** | **520** | **18,558** |

[1] Aistríodh 30 ríomhaire glúine a úsáideadh le linn Daonáireamh 2011 a bhailiú chuig dhá Roinn Rialtais i 2012.

## 2.4 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt

| ag 31 Nollaig | Úsáideanna ríomhaireachta 2012 |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 923 |
| Coigeartuithe i ndáil le tionscadail ghearrthéarmacha[2] | (364) |
| Íoaaíochtaí in airgead titim don bhlian | 1,299 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (1,371) |
| **Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig** | **487** |

[2] Ní aistreofar aon chóras atá i mbun forbartha a bhfuil tréimhse saoil i gceist leis, mar shampla, foirmeacha suirbhé aon uaire agus suirbhéanna fad ama ghairid, ní aistreofar iad a thuilleadh chuig clár na sócmhainní.

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | (338) | 146 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (7) | (10) |
| | (345) | 136 |

| **2.6 Stoic** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 61 | 90 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 33 | 37 |
| Foilseacháin | 6 | 6 |
| | 100 | 133 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 338 | 418 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 213 | 273 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | — | 93 |
| Cáin Bhreisluacha | 4 | 16 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 89 | 83 |
| An Muirear Uilíoch Sóisialta | 129 | 138 |
| | 773 | 1,021 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 193 | 224 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 109 | 174 |
| | 1,075 | 1,419 |

| **2.8 Glandliteanas ón Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 5,912 | 7,941 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (6,522) | (9,103) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (610) | (1,162) |
| **Arna léiriú le** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair:ar fionraí | 810 | 121 |
| | 810 | 121 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (345) | 136 |
| Dlite don Stát | (773) | (1,021) |
| Iarmhéideanna creidmheasa:ar fionraí | (302) | (398) |
| | (1,420) | (1,283) |
| | (610) | (1,162) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí | 6,761 | 815 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 34,789 | 33,963 | 37,490 |
| A.2 | Riarchán – Caiteachas eile | 10,613 | 7,260 | 37,210 |
| | | 45,402 | 41,223 | 74,700 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €4,179,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú (níos mo) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 586 | Tharla an coigilteas de bharr dianrialú leanúnach an chaiteachais uile i rith na bliana. Freastalaíodh ar go leor de riachtanais oiliúna agus forbartha na hOifige ó acmhainní in-tí. |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 413 | Leantar ar aghaidh de bheith ag déanamh coigiltis maidir le costais teileachumarsáide tar éis tabhairt isteach teileafónaíochta Prótacail Idirlín don Ghuthú (VOIP). Íosmhéadaíodh gach costas a bhaineann le postas le linn 2012 agus eisíodh níos lú litreacha meabhrúcháin. |
| Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 1,327 | Tharla an coigilteas de bharr rialú leanúnach na gcostas TF agus innealra uile in 2012. Laghdaíodh seirbhísí TF seachtracha go mór in 2012. |
| Costais áitreabh oifige | 494 | Tharla an coigilteas mar gheall ar chostais áitribh oifige a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis i ngach ceann de thrí áitreabh na POS le linn 2012. Mar gheall ar an socrú gan scarúint go hiomlán le háitreabh lucht an Daonáirimh i Sórd níor tabhaíodh na costais ionchais a bhaineann le tabhairt ar ais an áitribh. |
| Bailiú Staitisticí | 545 | Tharla an coigilteas de bharr dianrialú leanúnach ar réimsí allamuigh uile i dtaca le suirbhéanna CSO in 2012. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2012** | | **2011** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Faltais ón aontas Eorpach | 130 | 1,565 | 453 |
| 2. | Ilchinéal de rudaí eile | 70 | 200 | 94 |
| 3. | Asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,700 | 1,868 | 2,027 |
| | **Iomlan** | **1,900** | **3,633** | **2,574** |

**Athruithe maidir le Caiteachas**

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a bhí measta €000** | **Miniú** |
|---|---|---|
| Faltais ón aontas Eorpach | (1,435) | Bhí na fáltais a fuarthas ó chonarthaí de chuid an Aontais Eorpaigh níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i 2012 mar gheall ar fháil íocaíochtaí comhardaithe de €1,085,000. Rinneadh iad seo i dtaca le conarthaí a bhaineann le dhá shuirbhé talmhaíochta i 2005 agus i 2007, tar éis athbhreithnithe ag Eurostat de mhíniú an Rialacháin a rialaíonn na costais incháilithe. |
| Ilchinéal de rudaí eile | (130) | Bhí fáltais ilghnéitheacha níos airde ná mar a ceapadh in 2012 de bharr forchúiteamh páirteach ar ró-íocaíocht tuarastail a tharla idir 2006 agus 2012. Tugadh an ró-íocaíocht faoi deara in 2012. |
| Asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | (168) | Bhí na fáltais a fuarthas ón asbhaint a bhaineann le pinsean níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an líon níos airde foirne a fostaíodh, go príomha mar gheall ar an obair phróiseála a bhain le Daonáireamh 2011. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 648 | 808 |

| | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 31,601 | 34,828 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 126 | 217 |
| Liúntais eile | 61 | 63 |
| Liúntais le haghaidh ragobair | 120 | 155 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,055 | 2,227 |
| **Pá iomlán** | **33,963** | **37,490** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2012 € | Uasíocaíocht aonair 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 116 | — | — | 10,354 |
| Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise | 51 | 2 | 13,649 | 13,096 |
| Liúntais le haghaidh uainobair agus as a bheith ar uainchlár | 11 | — | — | — |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do Sheandícheall Staidrimh

Bhronn an Oifig duaisairgead €3,300 i 2012 mar chuid de an dara Bhonn John Hooper maidir le Staitisticí. Bhí an comórtas seo oscailte do dhaltaí dara leibhéal an timthrialla shinsearaigh in Éirinn.

### 6.2 Ró-íocaíocht Tuarastail

I Mí Dheireadh Fómhair 2012 thángthas ar ró-íocaíocht tuarastail do dhuine amháin, a raibh €206,000 i gceist léi thar thréimhse ó 2006 go 2012. Go dtí seo, tá breis is €201,000 den mhéid seo íoctha ar ais ar bhonn deonach agus tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag iarraidh an t-iarmhéid eile de thart ar €4,800 a ghnóthú.

### 6.3 Costais Dlí

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Déantar na costais dlíthiúla a íocadh le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas: | | |
| Táilí dlí | 27 | 1 |
| Costais cúiteamh | 50 | — |
| | **77** | **1** |

Cuimsíonn na táillí dlíthiúla táillí leighis, innealtóireachta agus imscrúdaitheora.